EAGRÁN 2 - MEÁN FÓMHAIR 2022

SCÉALTA NA SLÉIBHTE

Iris Ghaeilge do phobal Dhúiche Sheoigheach
agus Thuar Mhic Éadaigh

GAEILGE
DHÚICHE SHEOIGHEACH
& THUAR MHIC ÉADAIGH

An bhfuil ábhar agat don chéad eagrán eile de Scéalta na Sléibhte?

Cuir chuig **opt.cdst@gmail.com** nó **087 3970227** é roimh 23 Samhain!

Seoladh Phlean Teanga Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh: Ó chlé - Nóra McHugh-King (Rúnaí an Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga [CSPT]), Jack Chambers T.D. (Aire Stáit na Gaeltachta), Hannah Ó Tuairisg (Rannóg Pleanála Teanga, Údarás na Gaeltachta), Anna de Búrca (CSPT), Stiofán Seoighe (Oifigeach Pleanála Teanga), Gráinne Ní Fhlannabhra (CSPT), Gearóidín Ní Chonghaile (CSPT), Áine Bhreathnach (Cathaoirleach an CSPT), Pádraig Ó hÉanacháin (CSPT) & Siubhán Nic Grianna (Bainisteoir Pleanála Teanga, Údarás na Gaeltachta).

Scoth an cheoil ó dhéagóirí Chomhaltas Ceoltóirí Dhúiche Sheoigheach - ár mbuíochas le baill agus Coiste an Chomhaltais a chuir go leor oibre isteach do Sheoladh an Phlean Teanga!

Campaí Samhraidh Gaeilge

D'éirigh thar barr leis na Campaí Samhraidh Gaeilge a eagraíodh in Ionad Cheapach na gCapall mí Iúil! D'fhreastail 40 gasúr ón gceantar ar na campaí i mbliana agus bhí neart spraoi agus spóirt acu! Tá an-áthas ar Ghaeilge Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh a bheith ag tacú le campaí Gaeilge den chineál seo agus gabhann muid buíochas le Petersburg OETC as a bheith ag comhoibriú linn arís i mbliana.

Campa Samhraidh Muintearas

D'fhreastail 21 gasúr ar Champa Samhraidh Muintearas i dTuar Mhic Éadaigh agus bhí an-spraoi go deo acu! Bhí an t-ádh orthu leis an aimsir bhreá agus deis ag na páistí turas a dhéanamh ar Eas Thuar Mhic Éadaigh agus neart ama a chaitheamh sa Pháirc Spraoi chomh maith. Chomh maith leis sin bhí Lá Scannáin acu. Tá buíochas mór tuillte ag teagascóirí an chúrsa Honoria Ní Mháille (Baile an Tobair), Katie Mahon (Ceathrú na gCon) agus Marie Uí Ghiobhúin (Tuar Mhic Éadaigh).

'Ó shiúl mé thoir is ó shiúl mé thiar...'
Saoirse Ní Chadhain, Laura Bhreathnach, Aileen Ní Riain agus Bríd Ní Dhomhnaill
Scoil Mhuire, Chorr na Móna ag canadh go binn ag an Seoladh.

Féile Ceol na Locha

Den chéad uair le 3 bliana reáchtáladh Féile Ceol na Locha i dTuar Mhic Éadaigh i mí Lúnasa. Seachtain lán le craic, ceol is cultúr a bhí ann agus chuidigh an aimsir bhreá go mór leis an bhFéile. I measc na n-imeachtaí a bhí ar siúl le linn na seachtaine bhí ceardlanna agus seisiúin cheoil. damhsa agus amhránaíochta, BBQ agus Lá Spraoi do theaghlaigh, ceolchoirm na Féile agus seoladh dlúthdhiosca speisialta in ómós Thómáis Uí Mháille. Bhí an-áthas ar Ghaeilge DSTMÉ scoláireachtaí a chur ar fáil do thimpeall 60 gasúr áitiúil le freastal ar na ceardlanna. Tá moladh mór tuillte ag Coiste na Féile as seachtain den chéad scoth a eagrú.

Giota Gnó

Sa mhír seo labhraíonn muid le daoine sa phobal gnó áitiúil le léargas a fháil orthu féin agus ar an tseirbhís a chuireann siad ar fáil do mhuintir na háite. San eagrán seo labhair muid le hÁine Ní Chiarragáin ó Uain Sléibhe Chonamara!

Inis dúinn rúinín beag fút féin agus faoin ngnó.

Is Comharchumann pobalbhunaithe é Comharchumann Uain Sléibhe Chonamara. Ó thús ama d'aithin an grúpa tábhacht an uain dhúchasaigh seo agus dhírigh muid isteach ar Aitheantas Tíreolaíochta Cosanta (PGI) a shárú. I Feabhra na bliana 2007 d'éirigh le hUain Sléibhe Chonamara Aitheantas Tíreolaíochta Cosanta a bhaint amach. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil sé de cheart úsáid a bhaint as an ainm Uain Sléibhe Chonamara ach amháin na huain a bheirtear is a thógtar sa cheantar áirithe seo agus atá cláraithe le hUain Sléibhe Chonamara. Tá cosc ar aithris nó mí-úsáid. Tá Gradam Euro-toques agus Gradam Chumann Scríbhneoirí Beatha na hÉireann buaite againn. Ina theannta sin tá Gradam Q Órga don Bheatha Éireannach den chéad scoth bainte amach againn. Tá fáil ar Uain Sléibhe Chonamara in ollmhargaí Dunnes ar fud na tíre faoina mbranda "Simply Better".

Cén bhaint atá ag an ngnó leis an gceantar?

Tá roinnt mhaith de Fheilimeirí Uain Sléibhe Chonamara i gceantar Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh. Tá oifig Uain Sléibhe Chonamara lonnaithe i gComharchumann Dhúiche Sheoigheach.

Céard a spreag sibh chun gnó a thosú i nDúiche Sheoigheach?

Ba as ceantar Dhúiche Sheoigheach na Feiliméirí a tháinig chuig C.D.S. Teo í 1999 agus uaidh sin d'fhás Comharchumann agus Comhlacht Uain Sléibhe Chonamara chun margaíocht a dhéanamh ar uain dúchasach Chonamara.

An gceapann tú go dtugann an Ghaeilge níos mó deiseanna daoibh ó thaobh an ghnó de?

Tá sé thar a bheith tábhachtach d'Uain Sléibhe Chonamara seirbhís a chuir ar fáil trí mheán na Gaeilge agus bíonn ríméad ar dhaoine an tseirbhís sin a fháil.

Cén moladh a bheadh agat d'éinne atá ag iarraidh a ngnó féin a thosú?

Déan taighde agus tabhair faoi!

Cuir do ghnó chun cinn! *Más duine sa phobal gnó áitiúil thú déan teagmháil linn más mian leat labhairt linn sa chéad eagrán eile faoin tseirbhís a chuireann tú ar fáil.Cuireann Pleanáil Teanga Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh tacaíocht ar fáil do ghnólachtaí ar mian leo an Ghaeilge a chur chun cinn. Má tá cabhair uait le comharthaíocht, poiblíocht nó aistriúchán Gaeilge déan teagmháil le Stiofán ar* ***087 3970227***

Míle fáilte roimh Saif Ur Rahman, úinéir nua ar Shiopa Tigh Labhra, Corr na Móna - Midway Stores anois. Guíonn muid gach rath ar Mhuintir Labhra agus iad ag dul ar scor tar éis seirbhís na mblianta fada a thabhairt dá gcustaiméirí agus don phobal.

GAEILGE
DHÚICHE SHEOIGHEACH
& THUAR MHIC ÉADAIGH

Ranganna Gaeilge
Irish Classes

Téarma 10 seachtainí de ranganna Gaeilge ag tosú mí Dheireadh Fómhair!
10 week term of Irish classes starting in October!

Cleachtadh Comhrá (Meánleibhéal) | Conversational Irish (Improvers)
An Mám (Ionad le deimhniú | Venue TBC**) 7.00 - 8.00 p.m.**
Dé Máirt 4 Deireadh Fómhair | Tuesday 4th October

Cleachtadh Comhrá (Bunleibhéal) | Conversational Irish (Beginners)
Comharchumann Dhúiche Sheoigheach, 11.00 a.m. - 12.00 p.m.
Déardaoin 6 Deireadh Fómhair | Thursday 6th October

Cleachtadh Comhrá (Meánleibhéal) | Conversational Irish (Improvers)
Comharchumann Dhúiche Sheoigheach, 12.00 p.m. - 1.00 p.m.
Déardaoin 6 Deireadh Fómhair | Thursday 6th October

Cleachtadh Comhrá (Bunleibhéal) | Conversational Irish (Beginners)
Halla Thuar Mhic Éadaigh, 11.00 a.m. 12.00 p.m.
Dé Céadaoin 5 Deireadh Fómhair | Wednesday 5th October

Cleachtadh Comhrá (Meánleibhéal) | Conversational Irish (Improvers)
Halla Thuar Mhic Éadaigh, 12.00 p.m. - 1.00 p.m.
Dé Céadaoin 5 Deireadh Fómhair | Wednesday 5th October

Breis eolais agus clárú | More information and registration
Stiofán opt.cdst@gmail.com / 087-3970227

An Cúinne Scríbhneoireachta

Bláthanna

le Suzanne Ní Mhurchú, An Mám

Airgead Luachra

Is bláth ilbhliantúil é an tAirgead Luachra, nó 'Meadowsweet' as Béarla.

Ba phlanda fiáin le tóir air é an tAirgead Luachra, atá níos fairsinge anois agus daoine ag tuiscint go bhfuil dainséar ag baint le bheith ag spraeáil nimh fiailí.

Fásann sé suas go dtí 1 méadar – 1.5 méadar in airde. Tá duilleoga fiaclacha aige, dath airgead fúthu, agus neart bláthanna bána orthu. Tá an bhláth seo le feiceáil ar fud ceantar Dhúiche Sheoigheach, ar thaobh an bhóthair, i dtalamh corrach, i ndíogacha, agus i gcoillearnach mhaoth.

Líonann an t-aer lena gcumhracht agus tú ag siúl ina measc. Is cinnte gur cumhracht an tsamhraidh é. Úsáideadh é ar feadh na céadta chun blas a chur ar fíonn, beoir, síoróip, agus meá agus is as seo a dtagann an leagan Béarla don ainm. Ba fhial naofa é do na Draoithe, agus is ríshoiléir cén fáth. Bhí tóir air sa phobal Ceilteach chun fiabhras agus maláire a leighis. Tugadh é do Chúchulainn chun a fhearg a laghdú. Is é an phríomh-luibh le fadhbanna le haigéad goile a leigheas agus tá buntáistí aige do na hailt agus an córas úiríneach.

Bí cinnte súil a choinneáil amach don phlanda álainn seo agus sibh ag siúl i gceantar Dhúiche Sheoigheach ó mhí an Mheithimh go mí Mheán Fómhair.

Seanchas agus Seanfhocail

le Sally Uí Ghiobúin, Tuar Mhic Éadaigh

Tiocfaidh an lá
A bheidh bóthar ar gach logán
Teach mór ar gach cnocán
Droichead ar gach sruthán
Béarla ag gach blocán
Scéal ar bharr bata
Carr ag gach scriosán
Is an saol ina bhráchán

An ghaoth anoir bíonn sí tirim
Is cuireann sí brait ar chaoirigh
An ghaoth aneas bíonn sí tais,
Is cuireann sí rath ar shíolta
An ghaoth aniar bíonn sí fial
Is cuireann sí iasc i líonta.
An ghaoth aduaidh bíonn sí crua
Is cuireann sí fuacht ar dhaoine.

Tic tac tú
Péire bróga nua
Cuirfidh mise an crú
Is cuirfidh tusa an tairne.

Muintir Thuar Mhic Éadaigh ag Seoladh an Phlean Teanga: Joe Seoighe, Tomás Ó Neachtain, Rónán Ó Conghaile agus a athair Colm Ó Conghaile

- Ní hiad na fir mhóra a bhaineas an fómhar ar fad.
- Tá an grá dall ar an taobh eile.
- Bíonn an chuid féin ag an bhfarraige.
- Ná díol do chearc lá fliuch.
- Is beag atá idir an t-olc is an maith.
- Is maith an capall a tharraingíonn a charr féin.
- An té atá saor caitheadh sé cloch.
- Má tá tú thuas óltar deoch ort.
- Is maith an t-éan a chuireann sop ar a nead féin.
- Tá an grá dall agus a díchéillí dá thionlacan
- Bíonn súil le muir ach ní bhíonn súil le cill.
- An duine féin is fearr fios cá luíonn a bhróg air.
- Dearthár don bhás an chodladh.
- Is é an duine an t-éadach.

Déan teagmháil linn má tá ábhar agat féin go mba mhaith leat a chur ar fáil don chéad eagrán eile den Chúinne Scríbhneoireachta. Bígí ag scríobh!

Seoladh Phlean Teanga

Bhailigh tuairim is 150 duine le chéile in Áras Pobail Chorr na Móna ar an 13 Bealtaine nuair a sheol Aire Stáit na Gaeltachta Jack Chambers TD Plean Teanga Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh.

Plean 7 mbliana atá ann a bhfuil sé mar aidhm aige cur le líon na gcainteoirí Gaeilge sa cheantar. Tá an plean anois i mblian a trí den phróiseas agus tá obair mhór ar siúl sa cheantar chun an Ghaeilge a chaomhnú agus a chur chun cinn mar theanga pobail.

"Cuireadh moill ar an seoladh seo le cúpla bliain anuas mar gheall ar shrianta Covid-19 ach bhí muid an-sásta leis an slua a bhí i láthair sa Halla Pobail don ócáid chun ceiliúradh a dhéanamh ar an nGaeilge agus ar an gceantar Gaeltachta seo. Léiríodh beocht na Gaeilge, an cheoil, na hamhránaíochta, an damhsa agus na n-ealaíon béil sa cheantar agus táimid an-bhuíoch as gach duine a ghlac páirt in imeachtaí na hoíche agus a chuidigh linn an ócáid a chur ar siúl" a deir an tOifigeach Pleanála Teanga Stiofán Seoighe. Seo agaibh roinnt pictiúirí ón Seoladh. Gabhann muid buíochas le Trish Forde a bhí linn ar an oíche mar ghrianghrafadóir.

Baill den CSPT: Gearóid Ó Fátharta (CDS), Stiofán Seoighe, Anna de Búrca, Áine Bhreathnach, Pádraig Ó hÉanacháin, Nóra Mc-Hugh King agus Seosamh Mac Eochagáin

Sinéad agus Molly Ní Chadhain, Seanadh Farracháin

Ambasadóirí Teanga an LPT, Sheona Ní Mháille agus Katie Ní Fhiaraic

Katie Ní Fhiaraic agus Adam Ó Loideáin

Cormac Mac Cába, Scoil Mhuire Chorr na Móna

An tAire Stáit Jack Chambers le Stiofán Seoighe, Honoria Ní Mháille, Nóra McHugh-King agus Pádraig Ó hÉanacháin

An Teachta Dála, Éamon Ó Cuív i mbun cainte ag an Seoladh.

Bobbi O'Regan, Aisling Bhreathnach, Caoimhín Ó Cadhain, Tony Ó Cadhain, Mairéad Uí Fhathaigh, an Chomhairleoir Séamus Breathnach agus Gearóidín Ní Chonghaile

Marcus Ó Filbín agus Caoimhín Ó Cadhain

Pádraig Ó Cearnaigh agus an tAth. Gerry Burns

An slua sona sásta!

Ellie Ní Icí agus Emma Ní Fhathaigh

Sheona Ní Mháille, Molly Ní Chadhain, Seoidín Stundún, Caoilfhionn Seoighe agus Cristín Ní Éanacháin

Gteic Chorr na Móna

D'oscail Aire Stáit na Gaeltachta Jack Chambers T.D. Gteic Chorr na Móna go hoifigiúil ar an 11ú Lúnasa agus tá an áis iontach luachmhar seo anois ar fáil don phobal áitiúil. Tá spás oifige, deascanna sealaíochta (hot-desks) agus leathanbhanda ardluais ar fáil sa Gteic dóibh siúd atá ag lorg spás oibre nó staidéir.

Is iad Comharchumann Dhúiche Sheoigheach atá ag déanamh bainistíochta ar an Gteic agus is féidir teagmháil a dhéanamh leo ag **eolas.cdst@gmail.com** nó **087 124 8708**

Iar-Phríomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta Mícheál Ó hÉanaigh leis an Aire Stáit Jack Chambers ag an Seoladh.

SEIRBHÍSÍ / SERVICES

Deasc ar feadh lá €10
Desk for a day €10
Deasc ar feadh seachtain €60
Desk for a week €60
Oifig ar feadh lá €15
Office for a day €15
Oifig (2 deasc) €60 ar feadh na seachtaine
Office (2 desks) €60 per week
Seomra Cruinnithe €20
Conference/Meeting Room €20

Féile na Sléibhte

Comhghairdeas mór le Coiste Fhéile na Sléibhte a bhí ar siúl i nDúiche Sheoigheach ón 26-28 Lúnasa. Deireadh seachtaine siúlóide a bhí ann a thug deis do dhaoine blaiseadh a fháil de scoth na siúlóidí agus na radharcanna sa gceantar. Mar chuid d'imeachtaí na féile eagraíodh taispeántas damhsa ar an sean-nós Tigh Mháille i gcomhar le Gaeilge Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh. Fuair gasúir na háite deis cúpla steip a dhéanamh le Saoirse Ní Dhomhnaill agus is cinnte gur bhain siad an-taitneamh as!

CLG Thuar Mhic Éadaigh - Lá Mór na Gaeilge 2022

Bhaile foirne as gach cearn den Ghaeltacht agus de Chontae Mhaigh Eo i dTuar Mhic Éadaigh ar an 10ú Meán Fómhair do Lá Mór na Gaeilge an chumainn. Ina measc bhí Naomh Pádraig, An Fhairche, Acaill, Cluain Cearbán, Sruthair/Gleann Coirib, Carna-Caiseal/Na Piarsaigh, An Cheathrú Rua, Buiríos Umhaill, Cill Mheáin agus Cathair na Mart. Mar aon leis na comórtais peile bhí Sheona Ní Mháille i mbun ceardlanna ceoil do na gasúir, bhí dúshlán scileanna peile ar siúl ag an gclubtheach agus bhí cúinne spraoi sa Halla do pháistí óga. Tá ardmholadh tuillte ag CLG Thuar Mhic Éadaigh agus ag Fochoiste Gaeilge an chumainn as a gcuid oibre ar son na Gaeilge agus ar son an phobail. Táimid ag súil le Lá Mór na Gaeilge 2023 cheana féin!

Buateoirí Comórtas Faoi 14 na mBuachaillí (Corn Phádraig Uí Mhaolruaidh) - CLG Thuar Mhic Éadaigh.

Buateoirí Comórtas Faoi 14 na gCailíní (Corn Jim Uí Cheallacháin) - Cathair na Mart

Iomaíocht ghéar ar Pháirc Naomh Muire.

Neart le Chéile!

Ceardlann ceoil do ghasúir le Sheona Ní Mháille - an ghrian ag scoilteadh na gcloch ar an lá!

Féilire 2023

Ar mhaith leat do ghriangraf a fheiceáil i bhFéilire 2023 Ghaeilge Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh? Táimid ag glacadh le hiarratais ón bpobal as seo go dtí Dé Máirt, 1ú de Shamhain. Seol isteach do ghrianghraf roimh an dáta sin chuig **opt.cdst@gmail.com** agus roghnófar na cinn is fearr don bhféilire!

Ceoltóirí óga Chomhaltas Dhúiche Sheoigheach i mbun a gceirde!

Féach an pictiúr álainn seo a tháinig isteach chugainn! Bríd agus Catherine Seoighe, An Cheathrú Gharbh, le Corn Sam Mhig Uidhir sa bhliain 1964.

Slua mór in Áras Pobail Chorr na Móna!

GAEILGE DHÚICHE SHEOIGHEACH & THUAR MHIC ÉADAIGH

Comharchumann Dhúiche Sheoigheach Teo.

Gaeltacht na hÉireann

Údarás na Gaeltachta